Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9575/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0341(COD)**

**CODEC 1239**
**EF 175**
**ECOFIN 543**
**CCG 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus rioscaí comhshaoil, sóisialta, agus rialachais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 27 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 53(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2022[2].

3. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 13245/21 + ADD 1-5.
[2] IO C 248, 30.6.2022, lch. 87.
[3] 9008/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 79/23 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.